Rewarding Learning

**ADVANCED SUBSIDIARY (AS)**
**General Certificate of Education**
**2007**

# Stair

## Aonad Measúnaithe AS 1

*ag measúnú*

## Modúl 1

**[ASH11]**

ASH11

**DÉ hAOINE 8 MEITHEAMH, MAIDIN**

**AM**

1 uair 30 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra ar an Leabhrán Freagraí atá ar fáil.
Roghnaigh rogha **amháin**.
Freagair ceist **1(a)** nó **1(b)** agus ceist **2** as an **rogha agat**.
Léirigh do rogha go soiléir ar an Leabhrán Freagraí.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 80 an marc iomlán don pháipéar seo.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa sna ceisteanna **uile**.
Tá 12 mharc ag dul do Cheist 1 i ngach rogha. Táthar ag súil le míniú agus tuiscint ar na coincheapa cuí agus le breithiúnais atá bunaithe ar fhianaise fhíorasach. Ba chóir duit 15 nóiméad a chaitheamh ar an cheist seo.
Tá 68 marc ag dul do Cheist 2 i ngach rogha. Táthar ag súil leis go ndéanfaidh tú foinse ábhar a léirmhíniú, a mheas agus a úsáid ina comhthéacs stairiúil.



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

## ROGHA 5 NA NAITSITHE AGUS AN GHEARMÁIN 1919–1945

Freagair ceachtar acu ceist **1 (a)** nó **1 (b) agus** ceist **2**.

**1 Ceachtar acu**

**(a)** Cén fhírinne atá sa tuairim gur theip ar Putsch Munchen in 1923 toisc nach raibh an pobal ag tacú le Páirtí na Naitsithe? [12]

**Nó**

**(b)** Cén fhírinne atá sa tuairim, dar leat, gurb é an sceimhle an dóigh ba thábhachtaí a bhí ag na Naitsithe leis an Ghearmáin a rialú idir 1933 agus 1939? [12]

**2** Léigh na foinsí agus freagair na ceisteanna a leanann:

**Foinse 1**
Sliocht as cuimhní cinn Sebastian Haffner, arna scríobh in 1939 agus é ar deoraíocht i Sasana. Bhí Haffner ina chónaí i mBeirlín ag tús na 1930í agus cuireann sé síos ar an bhaghcat fhrith-Ghiúdach a thug na Naitsithe isteach ar 1 Aibreán 1933.

> Bhí mé ag dul le cuairt a thabhairt ar mo chara Giúdach, Frank. Bhí sé ina chónaí lena athair, ar dhochtúir é, agus a raibh éifeacht ag an bhaghcat air. Bhí a lán siopaí Giúdacha in oirthear Bheirlín agus bhí na doirse uile ar oscailt. Bhí fir de chuid an SA ina seasamh os a gcomhair. Bhí rudaí gáirsiúla scríofa ar na fuinneoga. Bhí grúpaí daoine ina seasamh thart timpeall lena fheiceáil cad é a tharlódh. Bhí a leathchuid acu buartha agus gliondar ar na daoine eile. Tamall ina dhiaidh sin tháinig beirt den SA go teach Frank agus isteach leo in oifig a athar. "Aon othair inniu?" a d'fhiafraigh duine acu. "Othar ar bith," arsa Frank.

**Foinse 2**
Sliocht as óráid rúnda a thug Himmler d'oifigigh de chuid an SS i nDeireadh Fómhair 1943.

> Ní mór dúinn bheith ionraic, dílis agus comrádúil lenár gcine féin, ach leo siúd amháin. Ba mhaith liom labhairt libh go macánta eadrainn féin ar ábhar tromchúiseach, ábhar nach mbeidh á phlé riamh againn os comhair an phobail. Is é atá i gceist agam an chine Ghiúdach a aslonnú agus í a dhíothú ansin. Tá de cheart morálta againn na daoine seo a mharú. Is tréimhse ghlórmhar stairiúil dúinn é seo nach scríobhfar choíche.



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

**Foinse 3**
Sliocht as *Weimar and Nazi Germany* leis na staraithe John Hite agus Chris Hinton, arna fhoilsiú in 2000.

> Agus na Naitsithe i réim ba mhó an leithcheal a bhí á imirt ar na Giúdaigh cé nach raibh ord ná eagar ar an dóigh a raibh na polasaithe frithghiúdacha á bhforbairt acu. In 1933 chaill Giúdaigh áirithe na poist acu agus in 1935 chaill siad uile an tsaoránacht. An ghéarleanúint bhrúidiúil a bhí ar bun in 1938, ba shiombail é de thaobh antoisceach na riailréime. Suas go dtí 1939 bhí eisimirce in úsáid ag na Naitsithe leis na Giúdaigh a dhíbirt as an Ghearmáin, ach bhí sé doiligh iad a chur thar lear i ndiaidh gur bhris an cogadh amach.

**(a)** **Déan staidéar ar Fhoinse 1.** Cá húsáidí atá sé mar fhianaise ag staraí atá i mbun staidéir ar bhaghcat frith-Ghiúdach na Naitsithe sa Ghearmáin ar 1 Aibreán 1933? [13]

**(b)** In **Foinsí 1 agus 2** tá cuntais dhifriúla chomhaimseartha ar pholasaithe na Naitsithe i leith na nGiúdach? **Cén dóigh** agus **cad chuige** a bhfuil siad difriúil lena chéile? [25]

**(c)** Na foinsí **uile agus** do chuid eolais féin in úsáid agat, meas an éifeacht a bhí ag polasaithe na Naitsithe i leith na nGiúdach sa Ghearmáin sa tréimhse 1933–1945. [30]

## SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR


www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.



www.StudentBounty.com
Homework Help & Pastpapers